2025/172

29.1.2025

CINNEADH (AE) 2025/172 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Nollaig 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh a ghlacadh a bhaineann le nósanna imeachta teicniúla a ullmhú maidir le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2), i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/689 ([1]) maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([2]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'). Tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) Le hAirteagal 8(1), pointe (l) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, bunaíodh an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh ('an Coiste Speisialaithe'). Leagtar amach inniúlachtaí an Choiste Speisialaithe in Airteagal 8(4) den Chomhaontú sin.

(3) De bhun Airteagal 8(4), pointe (c), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, i ndáil le saincheisteanna a bhaineann lena réimse inniúlachta, tá sé de chumhacht ag an gCoiste Speisialaithe cinntí agus moltaí a ghlacadh i leith na n-ábhar uile dá bhforáiltear amhlaidh sa Chomhaontú sin nó in aon chomhaontú forlíontach nó a bhfuil an Chomhairle Comhpháirtíochta tar éis a cumhachtaí a tharmligean ina leith chuige. De bhun Airteagal 10(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, glacfaidh Coiste cinntí agus déanfaidh sé moltaí trí chomhthoil.

(4) Maidir leis na socruithe trádála leictreachais idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, ceanglaítear le h Airteagal 312(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair go nglacfaidh an Coiste Speisialaithe, le haghaidh leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú ag an gcéim lá roimh ré, mar ábhar tosaíochta, na céimeanna is gá i gcomhréir le hAirteagal 317 den Chomhaontú sin chun a áirithiú go bhforbróidh oibreoirí córais tarchurtha ('OCTanna') leictreachais socruithe ina leagfar amach nósanna imeachta i gcomhréir le hIarscríbhinn 29 a ghabhann leis an gComhaontú sin laistigh d'amlíne shonrach.

(5) Go háirithe, foráiltear le Cuid I, pointe 1, d'Iarscríbhinn 29 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair maidir le forbairt nós imeachta nua chun acmhainneacht a leithdháileadh ar idirnascairí leictreachais ag creat ama an mhargaidh lá roimh ré. Tá an nós imeachta nua le bheith bunaithe ar an gcoincheap maidir le 'cúpláil toirte scaoilte ilréigiúin'.

(6) An 10 Iúil 2023, sholáthair OCTanna an Aontais agus na Ríochta Aontaithe tuarascáil, tar éis Mholadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe an 7 Feabhra 2023 ([3]), inar iarradh ar OCTanna aghaidh a thabhairt ar roinnt ceisteanna a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na cúplála toirte scaoilte ilréigiúnaí. Rinneadh an tuarascáil sin a fhorlíonadh le tuairim neamhfhoirmiúil ón nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus ó údaráis rialála na Ríochta Aontaithe.

([1]) Cinneadh (AE) 2021/689 an 29 Aibreán 2021 ón gComhairle maidir leis an gconclúid, thar ceann an Aontais, den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le nósanna imeachta slándála chun faisnéis aicmithe a mhalartú agus a chosaint (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

([2]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.

([3]) Moladh Uimh. 1/2023 ó Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh arna bhunú le hAirteagal 8(1)(l) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 7 Feabhra 2023 chuig gach Páirtí maidir lena n-iarrataí chuig oibreoirí córais tarchurtha i gcomhair leictreachais d'fhonn nósanna imeachta teicniúla a ullmhú maidir le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais (IO L 61, 27.2.2023, lch. 71).

(7) I bhfianaise na gconclúidí i dtuarascáil OCT an 10 Iúil 2023, le tacaíocht ón tuairim neamhfhoirmiúil ó ACER agus ó údaráis rialála na Ríochta Aontaithe, is iomchuí don Choiste Speisialaithe gníomhaíocht bhreise a mholadh do na Páirtithe.

(8) Tá an Coiste Speisialaithe le moladh a ghlacadh maidir le gníomhaíocht bhreise atá le déanamh ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, nó trí nós imeachta i scríbhinn, tar éis do gach Páirtí na nósanna imeachta intíre a chur i gcrích.

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe a bhunú, toisc go mbeidh sé de chumas ag moladh ón gCoiste Speisialaithe tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar *acquis* an Aontais nó an bealach ina ndéanfar é a chur chun feidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún ([4]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh, arna bhunú le hAirteagal 8(1), point (l), den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, leagtar amach é sa dréachtmholadh ón gCoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha..

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

([4]) Rialachán (AE) 2015/1222 an 24 Iúil 2015 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú (IO L 197, 25.7.2015, lch. 24).

IARSCRÍBHINN

MOLADH UIMH. …/2024 ÓN gCOISTE SPEISIALAITHE UM FHUINNEAMH ARNA BHUNÚ LE hAIRTEAGAL 8(1), POINTE (L) DEN CHOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an …

do gach Páirtí maidir le hullmhú nósanna imeachta teicniúla le haghaidh úsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais

TÁ AN COISTE SPEISIALAITHE UM FHUINNEAMH,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), agus go háirithe Airteagal 311(1) agus (2), Airteagal 312(1) agus (2), Airteagal 317(1), (2) agus (3), agus Iarscríbhinn 29 a ghabhann leis,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(4), pointe (a), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá sé de chumhacht ag an gCoiste Speisialaithe um Fhuinneamh ('an Coiste Speisialaithe') faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus feidhmiú ceart an Chomhaontaithe sin a áirithiú ina réimse inniúlachta. De bhun Airteagal 8(4), pointe (c) tá sé de chumhacht aige cinntí agus moltaí a ghlacadh i leith na n-ábhar dá bhforáiltear amhlaidh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair nó a bhfuil an Chomhairle Comhpháirtíochta tar éis a cumhachtaí a tharmligean ina leith chuig Coiste Speisialaithe de bhun Airteagal 7(4), pointe (f). De bhun Airteagal 329(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, déanfaidh sé moltaí de réir mar is gá chun cur chun feidhme éifeachtach na gCaibidlí den Teideal VII dá bhfuil sé freagrach a áirithiú.

(2) De bhun Airteagal 312(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, déanfaidh an Coiste Speisialaithe, mar ábhar tosaíochta, na céimeanna is gá i gcomhréir le hAirteagal 317 chun a áirithiú go bhforbróidh oibreoirí córais tarchurtha ('OCTanna') socruithe lena leagtar amach nósanna imeachta i gcomhréir le hIarscríbhinn 29 laistigh d'amlíne shonrach.

(3) An 7 Feabhra 2023, ghlac an Coiste Speisialaithe Moladh Uimh. 1/2023 ([2]) le haghaidh gach Páirtí chun a iarraidh ar a OCTanna féin an fhaisnéis bhreise mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh sin a sholáthar laistigh de 5 mhí ó dháta na hiarrata arna déanamh ag gach Páirtí.

(4) Sholáthair OCTanna an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe faisnéis bhreise do na Páirtithe mar fhreagra ar a n-iarrataí féin. I mí Iúil 2023, sholáthair údaráis rialála an Aontais Eorpaigh agus na Ríocht Aontaithe, faoi seach, tuairimí do na Páirtithe maidir leis an bhfaisnéis bhreise sin. Chuir an Coiste Speisialaithe in iúl gur dhíol sásaimh dó na rannchuidithe tábhachtachta sin le cur chun feidhme Theideal VII an Chomhaontaithe Trádála ag cruinniú an Choiste Speisialaithe an 9 Samhain 2023.

(5) Shainaithin OCTanna agus an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe araon agus údarás rialála rioscaí suntasacha cúblála margaidh a bhaineann le cur chuige na Leabhar Orduithe Coiteann i dtaca le hoibriú socruithe trádála leictreachais lá roimh ré bunaithe ar choincheap na Cúplála toirte scaoilte ilréigiúnaí ('MRLVC').

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.

([2]) Moladh Uimh. 1/2023 ó Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh arna bhunú le hAirteagal 8(1)(L) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 7 Feabhra 2023 chuig gach Páirtí maidir lena n-iarrataí chuig oibreoirí córais tarchurtha i gcomhair leictreachais d'fhonn nósanna imeachta teicniúla a ullmhú maidir le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais (IO L 61, 27.2.2023, lch. 71).

(6) Shainaithin OCTanna an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe araon agus údaráis rialála go mbeidh na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag cur chuige an Leabhair Orduithe Choitinn i leith MRLVC ag brath ar roinnt dúshlán bunúsach maidir le dearadh a réiteach. Tá gá le tuilleadh oibre sonraí a dhéanamh chun dearadh láidir maidir le MRLVC a fhorbairt de réir chur chuige an Leabhair Orduithe Choitinn sula féidir aon chinneadh a dhéanamh maidir le cur chun feidhme. Leis an dearadh sin, i measc ceanglais eile, beidh gá le hoibriú slán éifeachtúil a áirithiú i margaí mórdhíola leictreachais an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon, agus aghaidh a thabhairt ar aon chomhbhabhtáil idir éifeachtúlacht MRLVC agus oibriú slán éifeachtúil mhargaí mórdhíola leictreachais an Aontais agus na Ríochta Aontaithe. Beidh gá freisin le comhairliúchán, measúnú agus tástáil chríochnúil a dhéanamh ar an sásra sula ndéanfar aon chinneadh maidir le cur chun feidhm. Thairis sin, thug an Coiste Speisialaithe dá aire gur gá forbairt an dearaidh a bheith comhsheasmhach leis an bpróiseas a leagtar amach in Airteagail 312(1), 312(2) agus 317 den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 29.

(7) Fuarthas amach in anailís costais is tairbhe 2021 agus i bhfaisnéis bhreise 2023 a d'ullmhaigh OCTanna an Aontais agus na Ríochta Aontaithe go mbeidh éifeachtúlacht an MRLVC ag brath go mór ar chruinneas éamhaisnéiseoir glansuímh an chreasa tairisceana teorann. Tá gá le tuilleadh oibre sonraí a dhéanamh chun bailíocht choincheap an réamhaisnéiseora sin a fhorbairt agus a dheimhniú sula féidir cinneadh a dhéanamh maidir le cur chun feidhme. Thug an Coiste Speisialaithe dá aire gur mhol OCTanna an Aontais agus na Ríochta Aontaithe cur chuige céimnithe maidir le forbairt na réamhaisnéiseora ina dtuarascáil, ag tosú le céim thosaigh deartha agus bailíochtaithe fréamhshamhla.

(8) Tá spriocanna uaillmhianacha ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe araon chun leas a bhaint as an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta sa Mhuir Thuaidh chun feabhas a chur ar an rochtain ar fhuinneamh inacmhainne agus chun a n-aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta a chur chun cinn De bhun Airteagal 321 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a fhorbairt trí dhea-chleachtais a roinnt agus, i gcás inarb iomchuí, trí fhorbairt tionscadal sonrach a éascú. Ina dtuarascáil, shainaithin OCTanna an Aontais agus na Ríochta Aontaithe go mbeidh gá le socruithe trádála leictreachais lena dtacaítear le praghsáil éifeachtúil agus le húsáid acmhainneachta chun tionscadail hibrideacha amach ón gcósta a fhorbairt amach anseo. D'aithin an Coiste Speisialaithe go raibh gá le tuilleadh breithnithe a dhéanamh chun a áirithiú go dtacóidh socruithe trádála leictreachais idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe lena n-uaillmhianta maidir le forbairt thapa na dtionscadal fuinneamh in-athnuaite sa Mhuir Thuaidh.

(9) Sainaithníodh in anailís costais is tairbhe 2021 praghas imréitigh aonair na Breataine Móire ag an gcreat ama lá roimh ré mar thoimhde i ngach rogha deartha MRLVC atá faoi bhreithniú. D'fhoilsigh an Ríocht Aontaithe a freagra comhairliúcháin maidir le hathchúpláil ceantanna ábhartha na Breataine Móire le haghaidh trádáil trasteorann leis an Aontas Eorpach ag an gcreat ama lá roimh ré i mí Lúnasa 2023. Léiríodh in anailís na Ríochta Aontaithe gur thacaigh formhór na bhfreagróirí leis na tograí a leagadh amach sa chomhairliúchán. Chuaigh an Ríocht Aontaithe i dteagmháil leis an gCoiste Speisialaithe ó shin agus chuir sí torthaí an chomhairliúcháin i láthair.

(10) I bhfianaise an dul chun cinn a rinne na OCTanna go dtí seo, agus i bhfianaise na faisnéise breise a soláthraíodh mar fhreagra ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Moladh Uimh. 1/2023, ba cheart don Choiste Speisialaithe aghaidh a thabhairt ar na Páirtithe chun a áirithiú go gcuirfidh na OCTanna tús leis an gcéad chéim eile den obair. Ba cheart an obair sin a dhíriú ar aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna bunúsacha dearaidh a cuireadh i dtábhacht roimhe seo chun oibleagáidí an Choiste Speisialaithe a chomhlíonadh faoi Airteagal 312(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

(11) Thug an Coiste Speisialaithe dá aire go bhfuil coinne ag na Páirtithe le cur chuige céimnithe maidir le forbairt na nósanna imeachta teicniúla le haghaidh MRLVC, ag tosú le céim thosaigh bailíochtaithe coincheapa. I bhfianaise na dtorthaí i dtuarascáil na OCTanna a cuireadh isteach i mí Iúil 2023, tá gá le tuilleadh anailíse agus ba cheart iad a chur san áireamh i gcéim bhailíochtaithe an choincheapa. Leis an gcéim bhailíochtaithe coincheapa sin, ba cheart bonn eolais a chur faoi fhorbairt tacair aonair de dhréachtnósanna imeachta teicniúla le haghaidh MRLVC agus tacú leis an bhforbairt sin i gcomhréir le hAirteagail 312(1) agus 317(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

(12) Aon chinneadh ón gCoiste Speisialaithe maidir le cur chun feidhme nósanna imeachta teicniúla le haghaidh réiteach MRLVC de réir chur chuige an Leabhair Orduithe Choitinn, de bhun Airteagal 317(4) den Chomhaontú, ba cheart comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, tréimhsí láidre tástála, agus anailís costais is tairbhe arna tabhairt cothrom le dáta a bheith mar thaca leis.

TAR ÉIS DÓ AN MOLADH SEO A GHLACADH,

Airteagal 1

Aithníonn an Coiste Speisialaithe nach bealach inmharthana chun cinn é cur chuige na Leabhar Orduithe Sealadach chun réiteach Cúplála Toirte Scaoilte Ilréigiúnaí ('MRLVC') a fhorbairt tuilleadh, agus molann sé nach ndéanfadh na Páirtithe é a shaothrú tuilleadh.

Airteagal 2

Molann an Coiste Speisialaithe go n-iarrfaidh gach Páirtí ar a OCTanna féin le haghaidh leictreachais, agus i gcás an Aontais, ar Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais ('ENTSO-E') a éascaíonn obair OCTanna an Aontais, tús a chur go comhpháirteach le céim thosaigh bailíoctaithe coincheapa sula dtáirgfear an tacar aonair de dhréachtnósanna imeachta teicniúla tosaigh le haghaidh MRLVC i gcomhréir le hIarscríbhinn 29 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus le hanailís thacaíochta, ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) amlíne oibríochtúil optamach ina gcomhcheanglaítear oibríochtaí MRLVC, Cúpláil Aonair Lá Roimh Ré an Aontais, agus socruithe mhargadh mórdhíola leictreachais na Breataine Móire faoi chur chuige an Leabhair Orduithe Choitinn, lena n-áirítear na socruithe maidir le bailíochtú agus cúltaca optamach. Leis an amlíne oibríochtúil optamach, ba cheart úsáid láidir éifeachtúil idirnascairí a chur chun cinn agus rioscaí maidir le hoibriú slán mhargaí mórdhíola leictreachais an Aontais agus na Ríochta Aontaithe á n-íoslaghdú agus forbairtí margaidh a d'fhéadfadh a bheith ann suas go dtí 2030 go 2035 á gcur san áireamh. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar na rioscaí oibríochtúla a bhaineann leis an amlíne sin ar Chúpláil Aonair Lá Roimh Ré an Aontais agus ar mhargadh mórdhíola leictreachais na Breataine Móire araon agus, a mhéid is féidir, ba cheart iad a chainníochtú. Ba cheart raon roghanna maidir le hamlínte oibríochtúla a chur san áireamh san anailís tacaíochta chun tacú le sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar bhailíocht na hamlíne optamaí:

(b) dréachtsonraíochtaí tairisceana maidir le fréamhshamhail le haghaidh réamhaisnéiseoir glansuímh creasa tairisceana teorann, ar cheart dó:

(i) tuairisc mhionsonraithe ar na ceanglais a bheith sa dréachtsonraíocht tairisceana sin;

— an modheolaíocht (e.g., modheolaíocht staidrimh agus/nó modheolaíocht chinntitheach) atá le húsáid;

— aschuir shonracha a bheadh ag teastáil ón réamhaisnéiseoir;

— conas a ionchorpróidh an réamhaisnéiseoir forbairtí margaidh amach anseo, lena n-áirítear criosanna tairisceana nua a thabhairt isteach amach anseo, bídís ina gcriosanna tairisceana ar tír nó ina gcriosanna tairisceana amach ón gcósta;

— conas a ionchuirfear aschuir ón réamhaisnéiseoir i bpróisis MRLVC níos leithne;

— aon phríomhcheanglas eile arna sainaithint tríd an obair a leagtar amach faoi phointe (a) den Airteagal seo agus faoi Airteagal 3.

(ii) ag gabháil le:

— faisnéis maidir leis an gcaoi a n-eiseofaí agus a rialófaí an tairiscint, lena n-áirítear breithniú ar úinéireacht agus ar chearta maoine intleachtúla;

— miondealú mionsonraithe ar na huainithe agus ar na costais a bhfuil coinne leo;

— aon saincheist ábhartha a bhaineann leis na feidhmeanna riaracháin a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar idirthuilleamaíochtaí chórais an Aontais agus na Ríochta Aontaithe maidir le cur chun feidhme réiteach MRLVC.

Airteagal 3

1. Molann an Coiste Speisialaithe go n-iarrfaidh na Páirtithe ar a OCTanna féin le haghaidh leictreachais, agus i gcás an Aontais, ar ENTSO-E a éascaíonn obair OCTanna an Aontais, tuarascáil chomhpháirteach a chur ar fáil don Choiste Speisialaithe ina ndéanfar imscrúdú ar aon bhacainní ar sheachadadh na dtionscadal comhpháirteach hibrideach amach ón gcósta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na socruithe trádála atá ann cheana nó mar thoradh ar MRLVC, agus ar aon athrú sonrach is gá ar shocruithe trádála atá ann cheana nó ar cheanglais shonracha maidir le dearadh MRLVC is gá chun trádáil leictreachais éifeachtúil a sheachadadh lena dtacaítear le seachadadh na dtionscadal comhpháirteach hibrideach amach ón gcósta.

2. Sa tuarascáil chomhpháirteach ó na OCTanna:

(a) ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar thionchar na socruithe trádála atá ann cheana agus ar thionchar réiteach MRLVC ar thionscadail chomhpháirteacha hibrideacha sa mheántéarma (tréimhse 2030 go 2035), agus béim ar leith á leagan ar an méid seo a leanas:

(i) raon feidhme chur i bhfeidhm na socruithe trádála, agus cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar difear d'fheidhmíocht an leithdháilte acmhainneachta agus an chaoi a ndéanfar an difear sin;

(ii) conas a d'fhéadfadh na socruithe trádála sin oibriú le dearaí margaidh éagsúla, go háirithe criosanna tairisceana amach ón gcósta; agus

(iii) cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh soiléireacht leordhóthanach a bheith ann sa chás gnó le haghaidh infheistíocht bonneagair,

(b) ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh:

(i) cineál agus scála na bhforbairtí bonneagair fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud na Mara Thuaidh sa mheántéarma, lena n-áirítear idirnascairí hibrideacha, oileáin fuinnimh, eangacha mogaill agus leictrealóirí amach ón gcósta a d'fhéadfadh a bheith ann;

(ii) sásraí féideartha maidir le praghasmhúnlú;

(iii) ról comhlántach na socruithe réamhthrádála agus na socruithe trádála ionlae;

(iv) an tionchar ar chruinneas réamhaisnéisí an chreasa tairisceana teorann; agus

(v) aon choigeartú sonrach a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngnéithe deartha na socruithe trádála sin, laistigh dá dteorainneacha ginearálta, chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar bhacainní sainaitheanta agus ar cheanglais i bhforbairt agus in oibriú na dtionscadal comhpháirteach hibrideach amach ón gcósta chun socruithe trádála éifeachtúla a sheachadadh.

Airteagal 4

Ba cheart formhaoirseacht agus ionchur tráthrialta ó na Páirtithe a bheith i gceist le forbairt na hoibre a mholtar faoi Airteagail 2 agus 3. D'fhéadfadh sé freisin go mbeadh na OCTanna i dteagmháil le páirtithe leasmhara níos leithne a bhféadfadh rialtóirí, oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais/malartuithe cumhachta, agus an lucht acadúil a bheith san áireamh leo.

Airteagal 5

Molann an Coiste Speisialaithe go gcomhordóidh na Páirtithe a gcumarsáid lena OCTanna le haghaidh leictreachais, agus i gcás an Aontais, le ENTSO-E a éascaíonn obair OCTanna an Aontais i ndáil le hAirteagail 2 agus 3 agus a iarraidh go ndéanfaidh siad an obair a liostaítear faoi na hAirteagail sin a chur i gcrích laistigh de 11 mhí tar éis ghlacadh an Mholta sin.

Airteagal 6

Molann an Coiste Speisialaithe go n-iarrfaidh na Páirtithe ar a OCTanna féin le haghaidh leictreachais, agus i gcás an Aontais, ar ENTSO-E a éascaíonn obair OCTanna an Aontais, tuairim neamhfhoirmiúil a iarraidh ó rialtóirí fuinnimh náisiúnta na Ríochta Aontaithe agus ó ACER maidir lena gcuid oibre a cuireadh i gcrích i dtaca le hAirteagail 2 agus 3, tuairim atá le seachadadh laistigh de mhí amháin ó sholáthar thuarascáil chomhpháirteach na OCTanna.

Arna dhéanamh i/sa …, …

Thar ceann an Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh

Na Comhchathaoirligh